**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

# Cigireacht Leantach

# TUAIRISC

| | |
|---|---|
| **Ainm na scoile/**<br>**School name** | Gael-Choláiste Chill Dara |
| **Seoladh na scoile/**<br>**School address** | Seanbhóthar Luimnigh<br>Nás Na Ríogh<br>Contae Chill Dara |
| **Uimhir rolla /**<br>**Roll number** | 68072I |

## Dáta na Meastóireachta: 05-02-2018

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

This report is written in Irish. An English translation of the report is provided at the end of the report.

Tá an tuairisc seo scríofa i nGaeilge. Tá aistriúchán Béarla den tuairisc ar fáil ag deireadh na tuairisce.

**CAD IS MEASTÓIREACHT LEANTACH ANN?**

Déanann cigireachtaí leantacha meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta ag scoil i gcur i bhfeidhm na bpríomhmholtaí a rinneadh i gcigireacht roimhe sin, seachas meastóireacht ar an soláthar oideachais foriomlán a dhéanann an scoil. Cuireann cigirí comhairle ar an scoil freisin maidir le straitéisí agus gníomhartha chun cur ar a gcumas déileáil go hiomlán le moltaí.

**CONAS AN TUAIRISC SEO A LÉAMH**

Le linn na cigireachta seo, rinne an Cigire meastóireacht ar an dul chun cinn atá déanta ag scoil i gcur i bhfeidhm na bpríomhmholtaí a rinneadh i gcigireacht roimhe sin faoi na ceannteidil seo a leanas:

1. An dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo
2. Cinntí
3. Moltaí

Tugann cigirí cur síos ar cháilíocht an dul chun cinn a rinneadh i ngach ceann de na réimsí sin ag baint úsáide as contanam cáilíochta leanúna na Cigireachta a thaispeántar ar an leathanach deiridh den tuairisc seo. Míníonn an contanam cáilíochta leanúna na téarmaí a úsáideann cigirí agus meastóireacht á dhéanamh acu ar dhul chun cinn na scoile i gcur i bhfeidhm moltaí.

# Cigireacht Leantach

| SONRAÍ NA CIGIREACHTA BUNAIDH | SONRAÍ NA CIGIREACHTA LEANTAÍ |
|---|---|
| **Cineál: Tuairisc MSU-BCF**<br>**Dáta na Cigireachta: 11 -02-2016**<br>**Ar Foilsíodh an Tuairisc? Foilsíodh** | **Dáta na Cigireachta: 05-02-2018** |

**Gníomhaíochaí cigireachtaí leantaí**

Tharla na gníomhaíochtaí seo a leanas le linn na cigireachta leantaí:

- Cruinniú leis an bpríomhoide
- Athbhreithniú ar cháipéisí agus taifid scoile
- Athbhreithniú ar obair na scoláirí
- Breathnú ar theagasc agus ar fhoghlaim
- Caidreamh le scoláirí

| Moladh a rinneadh sa tuairisc cigireachta bhunaidh | Dul chun cinn a baineadh amach go dtí seo i gcur i bhfeidhm an mholta |
|---|---|
| Moltar, mar thaca don sprioc na scoláirí a bheith ina bhfoghlaimeoirí féindírithe, na cleachtais eiseamláireacha a aithníodh sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú a bheith mar ghnáthchleachtas. | **Dul chun cinn i bpáirt**<br>Bhí gnéithe áirithe de chleachtais eiseamláireacha sa teagasc, san fhoghlaim agus sa mheasúnú le haithint sna ranganna ar fad. Tá scóip fós ann, áfach, tabhairt faoi fheabhsúchán sa réimse seo chun comhsheasamhacht in eispéireas foghlama d'ardchálíocht a chinntiú do na scoláirí trasna an churaclaim.<br><br>Ní mór díriú go speisialta ar struchtúr tascanna comhoibríocha, pleanáil do dhifreáil na foghlama, ceistiúchán an mhúinteora agus aiseolas foirmitheach. |
| Moltar, leanúint den fheabhsúchán ar ghnóthachtáil scoláirí sna scrúduithe teistiméireachta agus monatóireacht a dhéanamh ar a ngnóthachtáil sna scrúduithe tí mar chuid de. | **Dul chun cinn an-mhaith**<br>Tá athbhreithniú ar dhul chun cinn na scoláirí sna scrúduithe tí lárnach anois sa mhonatóireacht ar ghnóthachtáil. Baintear leas éifeachtach as na teicneolaíochtaí digiteacha san obair seo. |
| Moltar don bhord glacadh go foirmeálta le plean scoile dá théarma oifige agus pleananna gníomhaíochta a aontú do na tosaíochtaí aitheanta. | **Dul chun cinn maith**<br>Tá an bord bainistíochta sa bhliain dheireanach dá théarma oifige agus tá plean scoile faofa don scoilbhliain reatha.<br>Maidir leis na tosaíochtaí aitheanta, bheadh sé inmhianaithe iad siúd a bhíonn freagrach as na gníomhaíochtaí a ainmniú agus spriocanna ama a lua le gach tosaíocht. |
| Moltar tógáil ar an obair fhiúntach atá ar bun maidir le piarbhreathnóireacht agus teagasc foirne. | **Dul chun cinn maith**<br>Tá pleanáil straitéiseach ar bun chun leanúint den fhorbairt ar chleachtas piarbhreathnóireachta trí rannpháirtíocht múinteoirí i |

| | |
|---|---|
| | ndeiseanna d'forbairt ghairmiúil leanúnach, réimse an oideachais speisialta san áireamh. |

**Achoimre ar na cinntí**

- Léirigh na ranganna ar tugadh cuairt orthu éagsúlacht sa leibhéal de dhul chun cinn atá déanta i réimsí difriúla cleachtais.
- Cruthaíodh eispéireas dearfach foghlama do na scoláirí i dtromlach na ranganna.
- Táthar ag dul i ngleic go córasach le monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn na scoláirí agus iad ar a dturas foghlama.
- Tá plean scoile faofa ag an mbord ach ní mór a bheith níos sainiúla maidir leis na pleananna gníomhaíochta ó thaobh freagrachtaí agus spriocanna ama.
- Tá an chur chuige i bhforbairt ar chleachtais piarbhreathnóireachta agus an teagaisc foirne inmholta.

**Moltaí**

- Tá scóip fós ann comhsheasamhacht in eispéireas foghlama de cháilíocht ard a sholáthar do na scoláirí agus na cleachtais eiseamláireacha a aithníodh a bheith ina ngnáthchleachtas.
- B'fhiú tógáil ar an taithí atá sa scoil ar phiarbhreathnóireacht agus a húsáid a leathnú chun cleachtais chomhchoiteann a chur chun cinn.

**CAOMHNÚ LEANAÍ**

Le linn na meastóireachta, rinneadh seiceáil mar a leanas ar nósanna imeachta na scoile maidir le caomhnú leanaí:

1. Is eol do phríomhoide na scoile gur tháinig nósanna imeachta athbhreithnithe i bhfeidhm ar 11 Nollaig 2017 maidir le caomhnú leanaí do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileana. Tugadh deimhniú go bhfuil socruithe déanta chun tosú ar chur i bhfeidhm na nósanna imeachta seo.
2. Ag am na meastóireachta bhí ainm an teagmhálaí ainmnithe le haghaidh ceisteanna caomhnaithe leanaí ar taispeáint go feiceálach gar do príomhdhoras na scoile.
3. Tá polasaí caomhnaithe leanaí ag an scoil.
4. Is eol do gach múinteoir gur duine faoi shainordú é/í agus tá siad feasach ar a gcuid freagrachtaí maidir leis seo.

Bhí cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi gach ceann de na seiceálacha thuas.

Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce; ba rogha leis an mbord glacadh leis an tuairisc gan freagra a thabhairt.

| **CANTANAM NA CÁILÍOCHTA DO CHIGIREACHTAÍ LEANTACHA** |
| --- |
| Tugann *dul chun cinn an-mhaith* le fios go bhfuil gníomh cuí déanta chun déileáil leis an moladh, agus go bhfuil, nó go mbeidh, an toradh atá de dhíth bainte amach mar thoradh ar an ngníomh. |
| Tugann *dul chun cinn maith* le fios go bhfuil gníomh cuí déanta chun déileáil leis an moladh, agus go bhfuil feabhsúchán subtaintiúil déanta, cé go bhfuil gá le tuilleadh dul chun cinn. |
| Tugann *dul chun cinn i bpáirt* le fios go bhfuil cuid de ghníomh cuí déanta chun déileáil leis an moladh, agus go bhfuil cuid d'feabhsúcháin déanta, ach go bhfuil gá le roinnt shuntasach de dhul chun cinn breise. |
| Tugann *gan dul chun cinn ar bith* le fios nach bhfuil gníómh ar bith déanta agus nach mór déileáil leis an moladh bunaidh. |

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**

**Department of Education and Skills**

# Follow Through Inspection

# REPORT

| | |
|---|---|
| **Ainm na scoile/ School name** | Gael-Choláiste Chill Dara |
| **Seoladh na scoile/ School address** | Seanbhóthar Luimnigh<br>Naas<br>County Kildare |
| **Uimhir rolla / Roll number** | 68072I |

## Date of Evaluation: 05-02-2018

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

**WHAT IS A FOLLOW UP EVALUATION?**

Follow-through inspections evaluate the progress a school has made on implementing main recommendations made in an earlier inspection rather than the overall educational provision that the school makes. Inspectors also advise the school on strategies and actions to enable them to fully address recommendations.

**HOW TO READ THIS REPORT**

During this inspection, the inspector evaluated the progress the school has made in implementing recommendations made in an earlier inspection under the following headings:

1. Progress achieved to date
2. Findings
3. Recommendations

Inspectors describe the quality of the progress made in each of these areas using the Inspectorate's follow-through quality continuum which is shown on the final page of this report. The follow-through quality continuum explains the terms used by inspectors when evaluating the school's progress in implementing recommendations.

# Follow Through Inspection

| ORIGINAL INSPECTION DETAILS | FOLLOW TRHOUGH INSPECTION DETAILS: |
|---|---|
| **Type: WSE-MLL** | **Date of Inspection: 05-02-2018** |
| **Date of Inspection: 11-02-2016** | |
| **Was the Report Published? Yes** | |

**Follow-through inspection activities**

The following activities took place in the course of the follow-through inspection

- Meeting with the principal
- Review of school documentation and records
- Review of students' work
- Observation of teaching and learning
- Interaction with students

| Recommendation in original inspection report | Progress achieved to date on implementation of recommendation |
|---|---|
| In order to support the goal of making students self-directed learners, it is recommended that the exemplary practices identified in teaching, learning and assessment become standard practice. | **Partial progress**<br>Certain elements of exemplary practices in learning and assessment were identified in all classes. There is still scope, however, to undertake improvements in this area to ensure consistency in a high quality learning experience for students across the curriculum.<br>Special attention must be paid to the structure of cooperative tasks, planning for differentiated learning, teacher's questioning and formative feedback. |
| It is recommended to continue to improve student attainment in certificate examinations and monitor their attainment in in-house examinations as part of this work. | **Very good progress**<br>A review of students' progress in in-house examinations is now central to the monitoring of attainment. Effective use is made of digital technologies in this work. |
| It is recommended that the board formally adopts a school plan for its term in office and agrees action plans for the priorities identified. | **Good progress**<br>The board of management is in the final year of its term of office and a school plan has been approved for the current school year.<br>In relation to the priorities identified, it would be desirable to name those responsible for the actions and indicate timeframes for each priority. |
| It is recommended that the worthwhile work being carried out in respect of peer-observation and team teaching is built on. | **Good progress**<br>Strategic planning is taking place to continue the development of peer-observation practice through the participation of teachers in |

| | |
|---|---|
| | opportunities for continuing professional development, including in the area of special education. |

**Summary of findings**

- The classes visited showed a variation in the level of progress achieved in various areas of practice.
- A positive learning experience was created for students in most classes
- The monitoring of students' progress on their journey of learning is being addressed in a systematic manner.
- A school plan has been approved by the board but there is a need to be more specific in relation to responsibilities and deadlines.
- The approach adopted for the development of peer-observation practices and team teaching is commendable.

**Recommendations**

- There is still scope to provide students with consistency in a high quality learning experience and to make the exemplary practices that were identified normal practice.
- Building on the experience of peer-observation in the school and extending its use to promote common practices would be worthwhile.

**CHILD PROTECTION**

During the evaluation, the following checks in relation to the school's child protection procedures were conducted.

1. The school principal is aware that revised child protection procedures for primary and post-primary schools came into effect on 11 December 2017. It was confirmed that arrangements are in place to begin the process of implementing these procedures.
2. At the time of the evaluation the name of the designated liaison person for child protection matters was prominently displayed near the main door of the school.
3. The school has a child protection policy in place.
4. All teachers are aware that they are mandated persons and of their responsibilities in that regard.

The school met the requirements in relation to each of the checks above.

The board of management of the school was given an opportunity to comment on the findings and recommendations of the report; the board chose to accept the report without response.

| THE QUALITY CONTINUUM FOR FOLLOW THROUGH INSPECTIONS |
| --- |
| *Very good progress* indicates that appropriate action has been taken to address the recommendation, and that the action has fully achieved or will achieve the required outcome. |
| *Good progress* indicates that appropriate action has been taken to address the recommendation, and that substantial improvement has occurred, although further progress is necessary. |
| *Partial progress* indicates that some appropriate action has been taken to address the recommendation, and some improvement has occurred, but considerable further progress is necessary. |
| *No progress* indicates that no action has been taken, and that the original recommendation remains to be addressed. |

*Published May 2018 / Foilsithe Bealtaine 2018*